



DÁIL ÉIREANN

Déardaoin, 25 Samhain, 2010
Thursday, 25th November, 2010

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

Déardaoin, 25 Samhain, 2010
Thursday, 25th November, 2010

10.30 a.m.

ORD GNÓ
ORDER OF BUSINESS

- 7a.** Tairiscint *maidir le* Leasuithe Teicniúla ar na Buan-Orduithe.
Motion *re* Technical Amendments to Standing Orders.
- 7b.** Tairiscint *maidir le* hOrduithe Tagartha Coistí.
Motion *re* Orders of Reference of Committees.
- b16.** Ráitis maidir leis an bPlean um Théarnamh Náisiúnta 2011 go 2014.
Statements on the National Recovery Plan 2011 to 2014.

FÓGRA I dTAOBH GNÓ NUA
NOTICE OF NEW BUSINESS

- 15a.** Meastacháin Fhorlíontacha i gcomhair Seirbhísí Poiblí [Votes 19, 20, 22, 26, 27, 28, 32, 34, 37 and 38].
Supplementary Estimates for Public Services [Votes 19, 20, 22, 26, 27, 28, 32, 34, 37 and 38].

I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

Fógraí Tairisceana : Notices of Motions

7a. “Go molann an Coiste um Nós Imeachta agus Pribhléidí, de bhun Bhuan-Ordú 99(1) (a), go leasófar Buan-Orduithe Dháil Éireann i dtaobh Gnó Phoiblí leis seo mar a leanas: –

(a) BUAN-ORDUITHE 103A, 103B, 103C, 103D agus 103E:

‘103A. (1) Beidh arna bhunú i ndiaidh ationól na Dála tar éis ollthoghcháin, Roghchoiste a mbeidh na cumhachtaí a leagtar amach i mBuan-Orduithe 103C, 103D agus 103E arna dtabhairt dó.

(2) Ceapfaidh an Dáil, tráth nach déanaí ná an tríú lá suí i ndiaidh an ationóil sin, trí chomhalta dhéag chuig an Roghchoiste a bhunófar faoi mhír (1) den Bhuan-Ordú seo, ar córam cúigear díobh, agus le linn di é sin a dhéanamh, déanfaidh sí –

(a) na feidhmeanna a bheidh le comhlíonadh ag an Roghchoiste a mhíniú, agus

(b) na cumhachtaí, más ann, a bheidh le tarmligean chun an Roghchoiste faoi Bhuan-Ordú 83 a mhíniú.

103B. (1) Maidir le Roghchoiste dá mbeidh cumhachtaí tugtha faoi Bhuan-Orduithe 103C, 103D nó 103E agus a bheidh comhcheangailte le Roghchoiste arna cheapadh ag Seanad Éireann chun Comhchoiste a dhéanamh, féadfaidh sé a chinneadh, áfach, gníomhú mar Roghchoiste den Dáil maidir le ní sonraithe nó nithe sonraithe nó ar feadh tréimhse ama sonraithe chun na cumhachtaí a dúradh a fheidhmiú.

That, pursuant to Standing Order 99(1)(a) the Committee on Procedure and Privileges recommends that the Standing Orders of Dáil Éireann relative to Public Business are hereby amended as follows:

(a) STANDING ORDERS 103A, 103B, 103C, 103D and 103E:

‘103A. (1) There shall stand established, following the reassembly of the Dáil subsequent to a General Election, a Select Committee which shall stand conferred with the powers set out in Standing Orders 103C, 103D and 103E.

(2) The Dáil shall, not later than the third sitting day following such reassembly, appoint thirteen members to the Select Committee established under paragraph (1) of this Standing Order, of whom five shall constitute a quorum, and in so doing, shall –

(a) define the functions to be performed by the Select Committee, and

(b) define the powers, if any, to be devolved upon the Select Committee under Standing Order 83.

103B. (1) A Select Committee on which powers have been conferred under Standing Orders 103C, 103D or 103E and which has been joined with a Select Committee appointed by Seanad Éireann to form a Joint Committee may nevertheless decide to act as a Select Committee of the Dáil in respect of a specified matter or matters or for a specified time period for the purpose of exercising the said powers.

(2) Beidh sé ina threoir do Roghchoiste dá mbeidh cumhachtaí tugtha faoi Bhuan-Orduithe 103C, 103D nó 103E nach ndéanfaidh sé breithniú ar aon ní a chuimsítear leis na Buan-Orduithe a luadh cheana i gcás go mbeidh an ní sin á bhreithniú cheana féin ag Roghchoiste eile.

(3) Beidh de chumhacht ag gach Roghchoiste dá mbeidh cumhachtaí tugtha faoi Bhuan-Orduithe 103C, 103D nó 103E a iarraidh ar Roghchoiste eile de cheachtar Teach dá mbeidh na cumhachtaí sin tugtha sa tslí chéanna go dtionólfar comhchruinniú den dá Choiste chun ní sonracha nó nithe sonracha comhghníomaíochta a bhreithniú agus, i gcás aon chomhchruinnithe den sórt sin –

- (a) gníomhóidh Cathaoirleach an Choiste iarrthaigh mar Chathaoirleach agus, mura féidir don Chathaoirleach a bheith i láthair, beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Ordú 90(2) agus (3);
- (b) beidh feidhm ag forálacha an dá Choiste i dtaobh córaim fairis an modhnú go laghdófar gach córam den sórt sin de leath agus ansin go gcothromrófar é suas go dtí an chéad slánuimhir eile is gaire; agus
- (c) ní bheidh feidhm ag orduithe tagartha an dá Choiste ach amháin a mhéid is orduithe iad a bhaineann leis an dá Choiste.

(2) It shall be an instruction to a Select Committee on which powers have been conferred under Standing Orders 103C, 103D or 103E that it shall not enter into consideration of any matter comprehended by the aforementioned Standing Orders where such matter is already under consideration by another Select Committee.

(3) Each Select Committee on which powers have been conferred under Standing Orders 103C, 103D or 103E shall have power to request of another Select Committee of either House on which such powers have been similarly conferred that a joint meeting of both Committees be held to consider a specific matter or matters of common activity and, in the case of any such joint meeting –

- (a) the Chairman of the requesting Committee shall act as Chairman and, in the unavoidable absence of the Chairman, the provisions of Standing Order 90(2) and (3) shall apply;
- (b) the quorum provisions of both Committees shall apply with the modification that each such quorum shall be halved and then rounded up to the next nearest whole number; and
- (c) the orders of reference of the two Committees shall apply only insofar as they are common to both.

103C. (1) De réir Airteagal 6 de Phrótacal Uimh. 2 a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (*Prótacal maidir le Prionsabail na Coimhdeachta agus na Comhréireachta a Chur i bhFeidhm*) arna chur chun feidhme le halt 7(3) d'Acht an Aontais Eorpaigh 2009, féadfaidh an Dáil a chumhachtú do Roghchoiste tuairim réasúnaithe a fhoirmiú nach gcomhlíonann dréachtghníomh reachtach (de réir bhrí Airteagal 3 den Phrótacal sin) prionsabal na coimhdeachta.

(2) Beidh gach dréachtghníomh reachtach a chuirfear ar aghaidh chuig an Dáil faoi Airteagal 4 den Phrótacal a dúradh arna tharchur chuig Roghchoiste a chumhachtaítear faoin mBuan-Ordú seo.

(3) Beidh sé ina threoir do Roghchoiste a chumhachtaítear faoin mBuan-Ordú seo –

(a) le linn dó tuairim réasúnaithe a fhoirmiú i dtaobh an gcomhlíonann dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta, go rachaidh an Coiste i gcomhairle le cibé Coistí eile agus le cibé páirtithe leasmhara is cuí leis;

(b) más rud é gurb é tuairim an Choiste nach gcomhlíonann dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta, go ndéanfaidh sé tuairim réasúnaithe sa chéill sin a chur isteach ar mhodh tuarascála a leagfar os comhair na Dála;

103C. (1) In accordance with Article 6 of Protocol No. 2 to the Treaty on European Union and the Treaty on the Functioning of the European Union (*Protocol on the Application of the Principles of Subsidiarity and Proportionality*) as applied by section 7(3) of the European Union Act 2009, the Dáil may empower a Select Committee to form a reasoned opinion that a draft legislative act (within the meaning of Article 3 of the said Protocol) does not comply with the principle of subsidiarity.

(2) All draft legislative acts forwarded to the Dáil under Article 4 of the said Protocol shall stand referred to a Select Committee empowered under this Standing Order.

(3) It shall be an instruction to a Select Committee empowered under this Standing Order that –

(a) in forming a reasoned opinion on whether a draft legislative act complies with the principle of subsidiarity, the Committee shall consult with such other Committees and such stakeholders as it considers appropriate;

(b) where the Committee is of the opinion that a draft legislative act does not comply with the principle of subsidiarity, it shall submit a reasoned opinion to this effect by way of a report which shall be laid before the Dáil;

- (c) i gcás go mbeidh tuarascáil leagtha ag an gCoiste faoi mhír (3)(b) den Bhuan-Ordú seo, go ndéanfaidh an Cathaoirleach, láithreach, tairiscint maidir léi a chur síos faoi alt 7(3) d’Acht an Aontais Eorpaigh 2009, agus tabharfar tosaíocht don tairiscint sin ar Riar na hOibre de réir Bhuan-Ordú 28; agus
- (c) where a report has been laid by the Committee under paragraph (3)(b) of this Standing Order, the Chairman shall forthwith table a motion thereon under section 7(3) of the European Union Act 2009, and such motion shall be given priority on the Order Paper in accordance with Standing Order 28; and
- (d) i gcás go n-aontaíonn an Dáil an tairiscint dá dtagraítear i mír (3)(c) den Bhuan-Ordú seo, go gcuirfidh an Ceann Comhairle faoi deara cóip den Rún, mar aon le cóip den tuarascáil dá dtagraítear i mír (c), a chur chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Uachtarán an Choimisiúin.
- (d) where the Dáil agrees the motion referred to in paragraph (3)(c) of this Standing Order, the Ceann Comhairle shall cause a copy of the Resolution, together with a copy of the report referred to in paragraph (c), to be sent to the Presidents of the European Parliament, the Council and the Commission.
- 103D. (1) Féadfaidh an Dáil a chumhachtú do Roghchoiste breithniú a dhéanamh ar cibé fógraí –
- 103D. (1) The Dáil may empower a Select Committee to consider such notifications under –
- (a) faoin tríú fomhír d’Airteagal 48.7 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (*passerelle ginearálta*: athrú ó ghníomhú d’aon toil go dtí gníomhú trí throllach cáilithe nó ó nós imeachta reachtach speisialta go dtí gnáth-nós imeachta reachtach) arna cur chun feidhme le halt 7(1) d’Acht an Aontais Eorpaigh 2009, agus
- (a) the third subparagraph of Article 48.7 of the Treaty on European Union (*general passerelle*: change from unanimity to qualified majority or from special legislative procedure to ordinary legislative procedure) as applied by section 7(1) of the European Union Act 2009, and

(b) faoin tríú fomhír d’Airteagal 81.3 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (*passerelle dhlí an teaghlaigh*: athrú go dtí gnáthnós imeachta reachtach le haghaidh beart a bhaineann leis an dlí teaghlaigh agus a mbeidh impleachtaí trasteorann acu) arna cur chun feidhme le halt 7(2) d’Acht an Aontais Eorpaigh 2009,

a tharchuirfidh an Dáil chuig an gCoiste ó am go ham.

(2) Beidh sé ina threoir do Roghchoiste a chumhachtaítear faoin mBuan-Ordú seo –

(a) le linn dó fógraí den sórt sin a bhreithniú, go rachaidh an Coiste i gcomhairle le cibé Coistí eile agus le cibé páirtithe leasmhara is cuí leis;

(b) i gcás go mbeidh an Coiste i gcoinne an chinnidh dá dtagraíonn an fógra, go leagfaidh sé tuarascáil sa chéill sin os comhair na Dála;

(c) i gcás go mbeidh tuarascáil leagtha ag an gCoiste faoi mhír (2)(b) den Bhuan-Ordú seo, go ndéanfaidh an Cathaoirleach, láithreach, tairiscint maidir léi a chur síos faoi alt 7(1) nó 7(2) d’Acht an Aontais Eorpaigh 2009, mar is cuí, agus go dtabharfar tosaíocht don tairiscint ar Riar na hOibre de réir Bhuan-Ordú 28; agus

(d) i gcás nach mbeidh an Coiste i gcoinne an chinnidh dá dtagraíonn an fógra, go gcuirfidh sé Teachtaireacht chuige sin chun na Dála de réir an nós imeachta atá leagtha amach i mBuan-Ordú 87.

(b) the third subparagraph of Article 81.3 of the Treaty on the Functioning of the European Union (*family law passerelle*: change to ordinary legislative procedure for measures concerning family law with cross-border implications) as applied by section 7(2) of the European Union Act 2009,

as may be referred to the Committee from time to time by the Dáil.

(2) It shall be an instruction to a Select Committee empowered under this Standing Order that –

(a) in considering such notifications, the Committee shall consult with such other Committees and such stakeholders as it considers appropriate;

(b) where the Committee is opposed to the decision to which the notification refers, it shall lay a report to this effect before the Dáil;

(c) where a report has been laid by the Committee under paragraph (2)(b) of this Standing Order, the Chairman shall forthwith table a motion thereon under section 7(1) or 7(2) of the European Union Act 2009, as appropriate, which shall be given priority on the Order Paper in accordance with Standing Order 28; and

(d) where the Committee is not opposed to the decision to which the notification refers, it shall send a Message to this effect to the Dáil in accordance with the procedure set out in Standing Order 87.

(3) Cuirfidh an Ceann Comhairle faoi deara cóip de gach Rún arna dhéanamh ag an Dáil faoi mhír (2)(c) den Bhuan-Ordú seo a chur chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí nó chuig an gComhairle de réir mar is cuí, mar aon le cóip den Tuarascáil dá dtagraíonn an Rún.

103E. (1) De réir Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 2 a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh (*Prótacal maidir le Prionsabail na Coimhdeachta agus na Comhréireachta a Chur i bhFeidhm*) arna chur chun feidhme le halt 7(4) d’Acht an Aontais Eorpaigh 2009, féadfaidh an Dáil a chumhachtú do Roghchoiste breithniú a dhéanamh i dtaobh an ndéanann aon ghníomh de chuid institiúide den Aontas Eorpach sárú ar phrionsabal na coimhdeachta.

(2) Beidh sé ina threoir do Roghchoiste a chumhachtaítear faoin mBuan-Ordú seo –

- (a) le linn dó breithniú a dhéanamh i dtaobh an ndéanann gníomh de chuid institiúide den Aontas Eorpach sárú ar phrionsabal na coimhdeachta, go rachaidh an Coiste i gcomhairle le cibé Coistí eile agus le cibé páirtithe leasmhara is cuí leis;
- (b) más rud é –
 - (i) gurb é tuairim an Choiste go ndéanann gníomh de chuid institiúide den Aontas Eorpach sárú ar phrionsabal na coimhdeachta, agus

(3) The Ceann Comhairle shall cause a copy of all Resolutions made by the Dáil under paragraph (2)(c) of this Standing Order to be sent to the President of the European Council or the Council as appropriate, together with a copy of the Report to which the Resolution refers.

103E. (1) In accordance with Article 8 of Protocol No. 2 to the Treaty on European Union and the Treaty on the Functioning of the European Union (*Protocol on the Application of the Principles of Subsidiarity and Proportionality*) as applied by section 7(4) of the European Union Act 2009, the Dáil may empower a Select Committee to consider whether any act of an institution of the European Union infringes the principle of subsidiarity.

(2) It shall be an instruction to a Select Committee empowered under this Standing Order that –

- (a) in considering whether an act of an institution of the European Union infringes the principle of subsidiarity, the Committee shall consult with such other Committees and such stakeholders as it considers appropriate;
- (b) where the Committee is –
 - (i) of the opinion that an act of an institution of the European Union infringes the principle of subsidiarity; and

(ii) gur mian leis an gCoiste go ndéanfaí imeachtaí ag lorg athbhreithniú ar an ngníomh lena mbaineann a thionscnamh i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,

go leagfaidh sé tuarascáil sa chéill sin os comhair na Dála; agus

(c) i gcás go mbeidh tuarascáil leagtha ag an gCoiste faoi mhír (2)(b) den Bhuan-Ordú seo, go déanfaidh an Cathaoirleach, láithreach, tairiscint maidir léi a chur síos faoi alt 7(4) d'Acht an Aontais Eorpaigh 2009, agus tabharfar tosaíocht don tairiscint sin ar Riar na hOibre de réir Bhuan-Ordú 28.

(3) Cuirfidh an Ceann Comhairle faoi deara cóip de gach Rún arna dhéanamh ag an Dáil de réir mhír (2)(c) den Bhuan-Ordú seo a chur chuig an Aire iomchuí.'

(b) **BUAN-ORDÚ 28 - CÚRSA AN GHNÓ:**

I mBuan-Ordú 28, trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhír (3)(i)(a):

'(a) Tairiscintí i ndáil le Tuarascálacha ó Choistí dá dtugtar tosaíocht faoi Bhuan-Orduithe 103C, 103D nó 103E.

(b) Tuarascálacha eile ó Choistí.'

(ii) wishes that proceedings seeking a review of the act concerned be brought to the Court of Justice of the European Union,

it shall lay a report to this effect before the Dáil; and

(c) where a report has been laid by the Committee under paragraph (2)(b) of this Standing Order, the Chairman shall forthwith table a motion thereon under section 7(4) of the European Union Act 2009, which shall be given priority on the Order Paper in accordance with Standing Order 28.

(3) The Ceann Comhairle shall cause a copy of all Resolutions made by the Dáil in accordance with paragraph (2)(c) of this Standing Order to be sent to the relevant Minister.'

(b) **STANDING ORDER 28 - ROUTINE OF BUSINESS:**

In Standing Order 28, by the substitution of the following paragraphs for paragraph (3)(i) (a):

'(a) Motions in relation to Reports from Committees given priority under Standing Orders 103C, 103D or 103E.

(b) Other Reports from Committees.'''

—*Seán Ó Curráin, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

[*Purpose of Standing Orders 103A to 103E: Role of Dáil Éireann under Article 29.4 of the Constitution (Treaty on European Union and Treaty on the Functioning of the European Union: the Lisbon Treaty)*]

7b. “ Go leasófar Ordú an 23 Deireadh Fómhair, 2007 ó Dháil Éireann, arna leasú, lenar bunaíodh Coistí de chuid an 30ú Dáil mar a leanas:

1. i gcás an Chomhchoiste um Ghnóthaí Eorpacha:

(a) trí ‘agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh’ a chur isteach i ndiaidh ‘leis an gConradh ar an Aontas Eorpach’ i mír 2(a)(i);

(b) trí ‘ag Coimisiún na gComhphobal Eorpach’ a scriosadh agus ‘ag an gCoimisiún Eorpach’ a chur ina ionad i mír (2)(a)(ii)(I);

(c) trí ‘Achtanna na gComhphobal Eorpach 1972 go 2007’ a scriosadh agus ‘Achtanna na gComhphobal Eorpach 1972 go 2009’ a chur ina ionad i mír (2)(a)(ii)(IV);

(d) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (2)(a)(ii)(VI):

‘(VII) fograí i dtaobh tograí chun na Conarthaí a leasú ar fógraí iad arna bhfáil ón gComhairle Eorpach de bhun Airteagal 48.2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus

(VIII) fograí i dtaobh iarratas ar ballraíocht den Aontas Eorpach ar fógraí iad arna bhfáil ón gComhairle Eoropach de bhun Airteagal 49 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,’;

(e) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (2)(b)(i):

(a) That the Order of Dáil Éireann of 23rd October, 2007, as amended, establishing Committees of 30th Dáil be amended as follows:

1. in the case of the Joint Committee on European Affairs:

(a) the insertion, after ‘Treaty on European Union’ in paragraph 2(a)(i) of ‘and the Treaty on the Functioning of the European Union’;

(b) the deletion in paragraph (2)(a)(ii)(I) of ‘Commission of the European Communities’ and the substitution thereof of ‘European Commission’;

(c) the deletion in paragraph (2)(a)(ii)(IV) of ‘European Communities Acts 1972 to 2007’ and the substitution thereof of ‘European Communities Acts 1972 to 2009’;

(d) the insertion of the following paragraphs after paragraph (2)(a)(ii)(VI):

‘(VII) notifications of proposals for the amendment of the Treaties received from the European Council pursuant to Article 48.2 of the Treaty on European Union, and

(VIII) notifications of applications for membership of the European Union received from the European Council pursuant to Article 49 of the Treaty on European Union,’;

(e) the insertion of the following paragraph after paragraph (2)(b)(i):

- | | |
|--|---|
| <p>‘(ii) na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Orduithe 103D(1)(a) agus 103E’; agus</p> <p>(f) trí ‘sna Comhphobail Eorpacha’ a scriosadh gach áit eile a bhfuil sé agus ‘san Aontas Eorpach’ a chur ina ionad agus ‘na gComhphobal Eorpach’ a scriosadh gach áit eile a bhfuil sé agus ‘an Aontais Eorpaigh’ a chur ina ionad’;</p> <p>2. i gcás an Chomhchoiste um Ghrinnscrúdú Eorpach, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (1)(b)(i):</p> <p>‘(ii) na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Orduithe 103C agus 103E;’</p> <p>3. i gcás an Chomhchoiste um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Cearta na mBan, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (5):</p> <p>‘Beidh an chumhacht a mhínítear i mBuan-Ordú 103D(1)(b) ag an gComhchoiste.’, agus</p> <p>(b) Go gcealaítear leis seo Rúin an 10 Nollaig, 2009 agus an 5 Bealtaine, 2010 ón Dáil i ndáil le Cur i nGníomh cumhachtaí nua de chuid Parlaimintí Náisiúnta faoi Chonradh Liospóin.</p> | <p>‘(ii) the powers defined in Standing Orders 103D(1)(a) and 103E’; and</p> <p>(f) the deletion of ‘European Communities’ in each place where it otherwise occurs and the substitution therefor of ‘European Union’;</p> <p>2. in the case of the Joint Committee on European Scrutiny, by the insertion of the following paragraph after paragraph (1)(b)(i):</p> <p>‘(ii) the powers defined in Standing Orders 103C and 103E;’</p> <p>3. in the case of the Joint Committee on Justice, Defence and Women’s Rights, by the insertion of the following paragraph after paragraph (5):</p> <p>‘(6) The Joint Committee shall have the power defined in Standing Order 103D(1)(b).’, and</p> <p>(b) That the Resolutions of the Dáil of 10th December, 2009 and 5th May, 2010 in relation to the Implementation of new powers of National Parliaments under the Lisbon Treaty are hereby rescinded.”</p> |
|--|---|

—*Seán Ó Curráin, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

15a. “Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí [2010]:

Vóta 19 — Dlí agus Ceart agus Athchóiriú Dlí (Meastachán Forlíontach).

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €1,000 chun íoctha an mhuirir a thiofáidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2010, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, fhoireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna

Estimates for Public Services [2010]:

Vote 19 — Justice and Law Reform (Supplementary Estimate).

That a supplementary sum not exceeding €1,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2010, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Justice and Law Reform, Probation Service staff and of certain other services including payments under cash-limited schemes administered by

airgead-teoranta atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc.

Vóta 20 — An Garda Síochána (Meastachán Forlíontach).

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €10,000,000 chun íoctha an mhuirir a thiocthaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2010, le haghaidh thuarastail agus chostais an Gharda Síochána, lena n-áirítear pinsin, etc.; chun costais finnétithe áirithe a íoc, agus chun deontais-i-gcabhair a íoc.

Vóta 22 — An tSeirbhís Chúirteanna (Meastachán Forlíontach).

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €1,000 chun íoctha an mhuirir a thiocthaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2010, le haghaidh na dtuarastal agus na gcostas sin de chuid na Seirbhíse Cúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus mionseirbhísí áirithe eile nach muirear ar an bPríomh-Chiste.

Vóta 26 — Oideachas agus Scileanna (Meastachán Forlíontach).

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €1,000 chun íoctha an mhuirir a thiocthaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2010, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc.

Vóta 27 — Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta (Meastachán Forlíontach).

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €14,000,000 chun íoctha an mhuirir a thiocthaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig,

that Office, and payment of certain grants and grants-in-aid.

Vote 20 — Garda Síochána (Supplementary Estimate).

That a supplementary sum not exceeding €10,000,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2010, for the salaries and expenses of the Garda Síochána, including pensions, etc.; for the payment of certain witnesses' expenses, and for payment of a grant-in-aid.

Vote 22 — Courts Service (Supplementary Estimate).

That a supplementary sum not exceeding €1,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2010, for such of the salaries and expenses of the Courts Service and of the Supreme Court, the High Court, the Special Criminal Court, the Circuit Court and the District Court and of certain other minor services as are not charged to the Central Fund.

Vote 26 — Education and Skills (Supplementary Estimate).

That a supplementary sum not exceeding €1,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2010, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Education and Skills, for certain services administered by that Office, and for the payments of certain grants and grants-in-aid.

Vote 27 — Community, Equality and Gaeltacht Affairs (Supplementary Estimate).

That a supplementary sum not exceeding €14,000,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st

2010, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc.

Vóta 28 — Gnóthaí Eachtracha (Meastachán Forlíontach).

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €12,400,000 chun íoctha an mhuirir a thiocthaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2010, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha, agus le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear deontais-i-gcabhair agus ranníocáí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta.

Vóta 32 — Iompar (Meastachán Forlíontach).

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €1,000 chun íoctha an mhuirir a thiocthaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2010, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Iompair, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, chun deontais áirithe a íoc, agus le haghaidh seirbhísí áirithe eile.

Vóta 34 — Fiontair, Trádáil agus Nuálaíocht (Meastachán Forlíontach).

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €1,000 chun íoctha an mhuirir a thiocthaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2010, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, chun fóirdheontais, deontais agus deontas-i-gcabhair áirithe a íoc, agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgead-teoranta a íoc.

Vóta 37 — Arm-Phinsin (Meastachán Forlíontach).

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €9,500,000 chun íoctha an mhuirir a thiocthaidh chun bheith iníoctha i rith na

day of December, 2010, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Community, Equality and Gaeltacht Affairs, for certain services administered by that Office, and for the payment of certain grants and grants-in-aid.

Vote 28 — Foreign Affairs (Supplementary Estimate).

That a supplementary sum not exceeding €12,400,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2010, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Foreign Affairs, and for certain services administered by that Office, including grants-in-aid and contributions to International Organisations.

Vote 32 — Transport (Supplementary Estimate).

That a supplementary sum not exceeding €1,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2010, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Transport, including certain services administered by that Office, for payment of certain grants and certain other services.

Vote 34 — Enterprise, Trade and Innovation (Supplementary Estimate).

That a supplementary sum not exceeding €1,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2010, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Enterprise, Trade and Innovation, including certain services administered by that Office, for the payment of certain subsidies, grants and a grant-in-aid, and for the payment of certain grants under cash-limited schemes.

Vote 37 — Army Pensions (Supplementary Estimate).

That a supplementary sum not exceeding €9,500,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment

bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2010, le haghaidh pá scoir, pinsean, cúitimh, liúntas agus aiscí is iníoctha faoi reachtanna iolartha le comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann agus d'Eagraíochtaí Míleata áirithe eile, etc., nó ina leith sin; agus le haghaidh ilranníocaí agus ilchostas i ndáil leo sin; le haghaidh liúntas eisreachtúil áirithe leanaí agus íocaíochtaí eile agus le haghaidh ildeontas.

Vóta 38 — Coimirce Shóisialach (Meastachán Forlíontach).

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €350,000,000 chun íoctha an mhuirir a thiofadh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2010, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Coimirce Sóisialaí, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, le haghaidh íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh agus le haghaidh deontas áirithe.

during the year ending on the 31st day of December, 2010, for retired pay, pensions, compensation, allowances and gratuities payable under sundry statutes to or in respect of members of the Defence Forces and certain other Military Organisations, etc., and for sundry contributions and expenses in connection therewith; for certain extra-statutory children's allowances and other payments and for sundry grants.

Vote 38 — Social Protection (Supplementary Estimate).

That a supplementary sum not exceeding €350,000,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2010, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Social Protection, for certain services administered by that Office, for payments to the Social Insurance Fund and for certain grants."

—*An tAire Airgeadais.*

ORDUITHE AN LAE ORDERS OF THE DAY

16a. Ráitis maidir leis an bPlean um Théarnamh Náisiúnta 2011 go 2014.
Statements on the National Recovery Plan 2011 to 2014.

MEMORANDA

*Déardaoin, 25 Samhain, 2010
Thursday, 25th November, 2010*

Cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí i Seomra Coiste 1, TL2000, ar 10 a.m.
Meeting of the Committee of Public Accounts in Committee Room 1, LH2000, at 10 a.m.

Cruinniú den Chomhchoiste um Shláinte agus Leanaí i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 10 a.m.
Meeting of the Joint Committee on Health and Children in Committee Room 2, LH2000, at 10 a.m.

An Bille um Thacaíocht do Mhic Léinn 2008:

P.T.O.

Student Support Bill 2008:

Cruinniú den Roghchoiste um Oideachas agus Scileanna i Seomra Coiste 4, TL2000, ar 10 a.m.

Meeting of the Select Committee on Education and Skills in Committee Room 4, LH2000, at 10 a.m.

Cruinniú den Chomhchoiste um Ghnóthaí Eachtracha i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 11.30 a.m.

Meeting of the Joint Committee on Foreign Affairs in Committee Room 3, LH2000, at 11.30 a.m.

Meastacháin (Iompar):**Estimates (Transport):**

Cruinniú den Roghchoiste um Iompar i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 2.30 p.m.

Meeting of the Select Committee on Transport in Committee Room 2, LH2000, at 2.30 p.m.

**SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA
DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL**

Reachtúil:

1) An tOrdú um an Lárionad Muirí Anailise agus Oibríochtaí - Támhshuanaigh (Ainmniú) 2010.

2) FÁS. Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais, 2009.

3) Bord Leigheasra na hÉireann. Ráitis Airgeadais, 2009.

Statutory:

1) Maritime Analysis and Operations Centre - Narcotics (Designation) Order 2010.

2) FÁS. Annual Report and Financial Statements, 2009.

3) Irish Medicines Board. Financial Statements, 2009.

Neamhrechtúil:

1) Leabharlann Chester Beatty. Tuarascáil na nOntaobhaithe, 2009.

2) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Táirgí Cosanta Plandaí a Údarú, a Chur ar an Margadh, a Úsáid agus a Rialú) (Leasú) (Uimh. 4) 2010 (I.R. Uimh. 541 de 2010).

3) An Plean um Théarnamh Náisiúnta 2011-2014. Samhain, 2010.

Non-Statutory:

1) Chester Beatty Library. Report of the Trustees, 2009.

2) European Communities (Authorisation, Placing on the Market, Use and Control of Plant Protection Products) (Amendment) (No. 4) Regulations 2010 (S.I. No. 541 of 2010).

3) The National Recovery Plan 2011-2014. November, 2010.

- 4) An Roinn Coimirce Sóisialaí. Athbhreithniú Beartais agus Luach ar Airgead ar Thacaíocht Ioncaim do Leanaí agus ar Chláir Ghaolmhara Chaiteachais. Samhain, 2010.
- 4) Department of Social Protection. A Policy and Value for Money Review of Child Income Support and Associated Spending Programmes. November, 2010.
- 5) An Roinn Coimirce Sóisialaí. Athbhreithniú Beartais agus Luach ar Airgead ar an Scéim um Míchumas. Samhain, 2010.
- 5) Department of Social Protection. Value for Money Review of the Disability Scheme. November, 2010.
- 6) An Roinn Coimirce Sóisialaí. Tuarascáil ar a inmhianaithe agus a indéanta atá sé íocaíocht aonair cúnaimh shóisialaigh a thabhairt isteach do daoine in aois oibre. Samhain, 2010.
- 6) Department of Social Protection. Report on the desirability and feasibility of introducing a single social assistance payment for people of working age. November, 2010.